

Ard-Diplóma sa Dlí-Chleachtadh trí Ghaeilge 2023-24

Aidhm an chúrsa

Is í aidhm an chúrsa seo cleachtóirí dlí a chumasú lena ngairm a chleachtadh trí Ghaeilge chomh maith le léargas ar an ngné seo de chúrsaí dlí a thabhairt do dhaoine gairmiúla a oibríonn leis an dlí agus leis an nGaeilge. Cuirtear ainmneacha na gcleachtóirí a n-éiríonn leo ar [Chlár na Gaeilge \(Óstaí an Rí\)](#) de bhun Acht na nDlí-Chleachtóirí (An Ghaeilge) 2008.

Cuimsítear cúrsaí sibhialta agus coiriúla, dréachtú, abhcóideacht, comhchomhairle agus idirbheartaíocht. Reáchtáiltear bréagchúirteanna agus trialacha bréige mar dhlúthchuid den chúrsa agus tugtar neart deiseanna do na rannpháirtithe am a chaitheamh ar a gcosa chomh maith le cleachtanna sa dréachtú agus sa téarmaíocht. Cuirtear béim ar na ceantair chleachtais ina ndéantar obair trí Ghaeilge. *Is cúrsa ar líne é seo.*

Múintear gné an dlí den chúrsa tráthnóna Dé Luain (18h00-20h30) ó thús Dheireadh Fómhair go dtí mí an Mhárta. Ina theannta sin, bíonn deis ag rannpháirtithe freastal ar ranganna i gceart-scríobh na Gaeilge tráthnóna Dé Céadaoin (18h00-21h00), scil riachtanach don té a bhíonn ag cleachtadh trína meán.

Riachtanais iontrála

Ní foláir d'iarrthóirí leibhéal cumais sasúil sa Ghaeilge a léiriú i **scrúdú iontrála** a reáchtálfar ar líne Dé Luain an **25 Meán Fómhair 2023 18h00-18h30**.

Má bhain tú amach TEG B2 (lánchreidiúnt) nó leibhéal níos airde ó 2021 i leith, is leor fianaise ina thaobh sin a chur chuig Óstaí an Rí seachas an scrúdú iontrála a shuí (Gach eolas ag www.teg.ie)¹. Roinntear an líon teoranta áiteanna ar an gcúrsa ar bhonn fiúntais.

Cuireann an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán tacaíocht ar fáil don chúrsa seo.



**An Roinn Turasóireachta, Cultúir,
Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán**
Department of Tourism, Culture,
Arts, Gaeltacht, Sport and Media

¹ Is leor chuige seo deimhniú ó Rannóg an Aistriúcháin.

Múineadh an chúrsa

Clár an Ábhair²

Téarma na Féile Michíl

02 D.F. 2023	18:00-20:30	Córais Dí Éireann	D Mac Cárthaigh BL ³
09 D.F. 2023	18:00-20:30	Stádas Dlíthiúil na Gaeilge	D Mac Cárthaigh BL
11 D.F. 2023	18:00-21:00	Cruinneas na Gaeilge	Úna Ní Chatháin BL ⁴
16 D.F. 2023	18:00-20:30	Stádas Dlíthiúil na Gaeilge	D Mac Cárthaigh BL
18 D.F. 2023	18:00-21:00	Cruinneas na Gaeilge	Úna Ní Chatháin BL
23 D.F. 2023	18:00-20:30	Dréachtú: díobháil d'ábhar	Orla Ryan BL
25 D.F. 2023	18:00-21:00	Cruinneas na Gaeilge	Orla Ryan BL
01 Sam 2023	18:00-21:00	Cruinneas na Gaeilge	Helen Hegarty ⁵
06 Sam 2023	18:00-20:30	Athbhreithniú breithiúnach	Orla Ryan BL
08 Sam 2023	18:00-21:00	Cruinneas na Gaeilge	Orla Ryan BL
13 Sam 2023	18:00-20:30	Athbhreithniú breithiúnach	Anne Marie Giblin BL ⁶
15 Sam 2023	18:00-21:00	Cruinneas na Gaeilge	Helen Hegarty
20 Sam 2023	18:00-20:30	Athbhreithniú breithiúnach	D Mac Cárthaigh BL
22 Sam 2023	18:00-21:00	Cruinneas na Gaeilge	Úna Ní Chatháin BL
27 Sam 2023	18:00-20:30	Dlí na Fianaise; pleadáil maolaithe	Aoife McNickle BL ⁷
29 Sam 2023	18:00-21:00	Cruinneas na Gaeilge	Orla Ryan BL
04 Noll 2023	18:00-20:30	Comhchomhairle & Bannaí	Aoife McNickle BL
06 Noll 2023	18:00-21:00	Cruinneas na Gaeilge	D Mac Cárthaigh BL

8-9 Nollaig 2023 Scrúduithe TEG C1 (le deimhniú)

Saoire na Nollag

²Tá an Sceideal seo faoi réir aon leasuithe riaracháin is gá a dhéanamh air.

³ B.A., M.A., LL.B.

⁴ B.A., LL.B., Ard-Diplóma sa Dí-Chleachtadh trí Ghaeilge.

⁵ B.C.L

⁶ B.A. Int, LLB

⁷ BBLS, Adv. Dip. in Corporate, White Collar & Regulatory Crime.

Sceideal: An dara téarma, Téarma na Féile Bríde

Gné na Teanga

08 Ean 2024	18:00-20:30	Dlí Coiriúil: Gabháil, Coinneáil, Cuardach	Aoife McNickle BL
10 Ean 2024	18:00-21:00	Cruinneas na Gaeilge	Anne Marie Giblin BL
15 Ean 2024	18:00-20:30	Triail Choiriúil: Cleachtas & Nós Imeachta	Aoife McNickle BL
17 Ean 2024	18:00-21:00	Cruinneas na Gaeilge	Anne Marie Giblin BL
22 Ean 2024	18:00-20:30	Triail sa Chúirt Dúiche ⁸	Aoife McNickle BL
24 Ean 2024	18:00-21:00	Cruinneas na Gaeilge	Helen Hegarty
29 Ean 2024	18:00-20:30	Urghairí: dréachtú agus abhcóideacht	D Mac Cárthaigh BL
31 Ean 2024	18:00-21:00	Cruinneas na Gaeilge	D Mac Cárthaigh BL
07 Fea 2024	18:00-21:00	Cruinneas na Gaeilge	D Mac Cárthaigh BL
12 Fea 2024	18:00-20:30	Dlí Pleanála	D Mac Cárthaigh BL
14 Fea 2024	18:00-21:00	Cruinneas na Gaeilge	Helen Hegarty
15 Fea 2024		Díospóireacht ‘Bhonn an Phiarsaigh’ & Dinnéar in Óstaí an Rí	
19 Fea 2024	18:00-20:30	Clúmhillleadh	D Mac Cárthaigh BL
21 Fea 2024	18:00-21:00	Cruinneas na Gaeilge	Orla Ryan BL
26 Fea 2024	18:00-20:30	Idirghábháil & Idirbheartaíocht	Anne Marie Giblin BL
28 Fea 2024	18:00-21:00	Cruinneas na Gaeilge	Orla Ryan BL
04 Fea 2024	18:00-20:30	Dlí Teaghlaigh	Anne Marie Giblin BL
06 Már 2024	18:00-21:00	Cruinneas na Gaeilge	Helen Hegarty
11 Már 2024	18:00-20:30	Díobháil Phearsanta	Anne Marie Giblin BL
13 Már 2024	18:00-21:00	Cruinneas na Gaeilge	Orla Ryan BL

Scrúduithe ceannchúrsa sa dréachtú mar thionscnamh scríofa

Scrúdú ceannchúrsa san abhcóideacht mar fhíseán le taifeadadh

Ní foláir do gach mac léinn cumas Gaeilge ag leibhéal C1 TEG, ar a laghad, a léiriú d'Óstaí an Rí sula mbronnfar an t-ard-diplóma orthu. Is leor a léiriú go bhfuil pas faighte agat i scrúdú C1 TEG ó 2021 i leith. Eagrófar dinnéar in Óstaí an Rí do na rannpháirtithe Déardaoin an 15ú Feabhra 2024.

Foireann teagaisc

- Dáithí Mac Cárthaigh BL (Dlí agus Gaeilge)
- Orla Ryan BL (Dlí agus Gaeilge)
- Anne Marie Giblin (Dlí & Gaeilge)
- Aoife McNickle BL (Dlí)

⁸ Measúnú Leanúnach #2

Structúr na scrúduithe

Measúnuithe Leanúnacha taighde (scríofa): 20%+20%

Measúnú Leanúnach san Abhcóideacht: Triail Bhréige: 20%

Scrúdú ceannchúrsa mar thionscnamh sa bhaile (dréachtú agus abhcóideacht): 40%

Scéim Marcanna

Pas:	50-69%
Pas le tuillteanas	70-79%
Pas le gradam	80%+

Bronnadh na ndiplómaí

Tús Deireadh Fómhair 2024

Táillí

Táillí an chúrsa: €800 iníoctha an 2 Deireadh Fómhair 2023 nó roimhe sin. Féadfaidh Óstaí an Rí torthaí a choimeád siar ó mhac léinn nach bhfuil na táillí íoctha aige/aici.

Tá an dara gála táillí le híoc go díreach le hOllscoil Mhá Nuad as an TEG C1 a shuí.

Tinreamh agus poncúlacht

Ní foláir duit a bheith in am do gach seisiún ranga. Ciallaíonn “in am” sa chás seo go mbeifeá ullamh agus réitithe chun tabhairt faoin seisiún ag an am atá ceaptha chuige.

Bonn an Phiarsaigh

Roimh Dhinnéar bliantúil na Gaeilge Déardaoin an 15 Feabhra 2024, reáchtálfar Comórtas Díospóireachta Gaeilge Óstaí an Rí agus bronnfar Bonn an Phiarsaigh, urraithe ag Gael-Linn, ar an mbuaiteoir. Is do dhaoine aonair an comórtas taispeántais seo agus bainfidh an rún, a nochtfar roimh ré, le cúrsaí reatha. Rachaidh acmhainn an ghrinn go mór chun socair na n-iomaitheoirí. Tá an comórtas seo ar oscailte do mhic léinn UILE Óstaí an Rí.